

# Cuir Tú Féin **In Iúl!**



Úsáid Gaeilge Shoiléir agus Dearadh Éifeachtach



## Breacadh

Acmhainn Aosoideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht



**Curtha i dtoll a chéile ag:**

Nóirín Ní Ghrádaigh Rafferty

**Arna fhoisiú ag:**

Breacadh

Casla

Co. na Gaillimhe.

An chéad chló 2006

©Breacadh 2006

ISBN 1-904789-22-6

**Clódoirí:**

Colourbooks Ltd.

**Buíochas:**

Ár mbuíochas le Clodagh Mc Carthy, Plain English Co-ordinator, NALA, as a cuid moltaí agus leasuithe don leagan Béarla.

Táimid go mór faoi chomaoin freisin ag Caitlín Seoighe as a cuidiú leis an dá leagan.

Tá Breacadh á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus á stiúradh ag coiste ionadaíochta de chuid na gCoistí Gairmoideachais agus na gComhlachtaí Páirtíochta sa Ghaeltacht.

Gach ceart ar cosaint.

Níl cead aon chuid den leabhar seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhotachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead scríofa a fháil roimh ré ón fhoilsitheoir.



# Clár

Réamhrá: <b>Cuir Tú Féin In Iúl!</b> . . . . .	1
Leideanna Scríbhneoireachta . . . . .	3
Leagan Amach agus Dearadh Téacs . . . . .	7
Eolas Tábhachtach a Chur i Láthair go Soiléir . . . . .	19
Do Dhoiciméad a Sheiceáil . . . . .	23
Aguisín 1: <b>Litriú agus Gramadach sna Canúintí</b> . . . . .	25
Aguisín 2: <b>Seicliosta Scríbhneoireachta agus Deartha</b> . . . . .	28





## Cuir Tú Féin In Iúl!

Úsáid Gaeilge Shoiléir  
agus Dearadh Éifeachtach

Is fiú go mór scríobh go soiléir.

Ní gá athrú rómhór a dhéanamh ar fhad do theachtairreachta nó ar bhrí do theachtairreachta chun scríobh go soiléir.

Ní gá róshimpliú a dhéanamh ar do theachtairreacht ach an oiread.

D'fhéadfadh a leithéid a bheith maslach do léitheoir fásta.

Úsáideann bainisteoirí maithe teanga shoiléir mar go bhfuil sí níos éifeachtúla.

Cuireann sí feabhas ar an gcumarsáid a bhíonn acu lena gcustaiméirí.

Cuireann teanga shoiléir an teachtaireacht i bhfeidhm níos soiléire agus níos tapúla.

Ní bhíonn an oiread míthuiscintí ná gearáin ann dá thoradh.

Ar ndóigh, sábhálann sé seo am agus airgead!

### Is fearr teanga shoiléir a úsáid mar:

- tá sí níos tapúla le scríobh,
- tá sí níos tapúla le léamh,
- cuireann tú do theachtairreacht trasna i slí níos soiléire agus níos cairdiúla, agus
- bíonn eolas casta éasca le tuiscint.



### Tá an leabhrán seo roinnte i gceithre phríomhchodanna:

- Leideanna scríbhneoireachta
- Leagan amach agus dearadh téacs
- Eolas tábhachtach a chur i láthair go soiléir
- Do dhoiciméad a sheiceáil



Tá dhá aguisín ar chúl chomh maith.  
Tugann ceann cuntas ar na difríochtaí comónta a bhíonn idir litriú agus gramadach i gcanúintí.  
Is seicliosta é an ceann eile a thabharfaidh treoir duit fad agus a dhéanfaidh tú athbhreithniú ar an teanga agus ar leagan amach do dhoiciméid.

**Nóta:** Spreagann an leabhrán seo teanga shoiléir a úsáid nuair a bhíonn tú ag scríobh as Gaeilge.

Ar ndóigh, baineann go leor de na treoracha seo le scríobh soiléir i mBéarla freisin.

Chun leideanna breise a fháil ar scríbhneoireacht i mBéarla soiléir, molaimid duit **Writing and Design Tips** a léamh, foilseachán de chuid na hÁisínteachta Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ÁNLA). Molaimid freisin go seiceálfá an t-eolas ar shuíomh gréasáin an ÁNLA,

[www.nala.ie](http://www.nala.ie)



# Leideanna Scríbhneoireachta

## 1. Úsáid briathra gníomhacha nuair is féidir

Nuair a labhramid, is gnách dúinn briathra gníomhacha a úsáid.  
Nuair a scríobhaimid, áfach,  
is minic a úsáidimid briathra neamhghníomhacha.  
Beidh a fhios agat má bhíonn tú ag úsáid briathra gníomhacha  
má thosaíonn do chuid abairtí le briathar tuairisciúil,  
mar atá sna samplaí sa cholún ar thaobh na láimhe deise thíos.

In ionad	Úsáid
Tá sé fógraithe ag an Aire...	D'fhógair an tAire...
Bhí gearán faighte acu faoin salachar san áit.	Fuair siad gearán faoin salachar san áit.
Bhí an bua ag lánúin as Corcaigh.	Bhuaigh lánúin as Corcaigh.

**Nóta:** Uaireanta d'fhéadfadh sé bheith níos éifeachtúla  
briathar neamhghníomhach a úsáid –  
mar shampla, mura bhfuil a fhios agat cé atá ag déanamh gníomh,  
nó más léir cé atá á dhéanamh.  
Dá bhrí sin, ná diúltaigh ar fad é a úsáid!



## 2. Bí pearsanta

Úsáid 'mé' agus 'sinn' nó 'muid' i do chuid scríbhneoireachta.  
Leagann sé seo blas pearsanta ar do shaothar.  
Éireoidh do chuid scríbhneoireachta níos pearsanta ar aon nós  
má úsáideann tú briathra gníomhacha.

In ionad	Úsáid
Tá breis eolais ar fáil ach gaoch ar...	Cuir gaoch orainn le haghaidh breis eolais...
Is gá d'iarrthóirí teistiméireacht a chur ar fáil.	Cuir teistiméireacht ar fáil, le do thoil.



### 3. Ná bíodh leisce ort orduithe a thabhairt!

Uaireanta bíonn sé níos tapúla agus níos éifeachtúla treoracha a thabhairt i bhfoirm orduithe.

Ná bíodh eagla ort orduithe a thabhairt, más é sin a oireann. D'fhéadfadh sé sin a bheith áiseach, go háirithe má bhíonn tú ag tabhairt treoracha i mbileog eolais, ar phóstaer nó i bhfoirm iarratais.

In ionad	Úsáid
Ba chóir fiacra a scuabadh gach lá.	Scuab do chuid fiacal gach lá!
Bheinn buíoch díot dá seolfá ar aghaidh na nithe seo a leanas....	Seol chugainn na nithe seo a leanas....
Níl cead caitheamh anseo.	Ná caith tobac!

### 4. Bain úsáid as focail agus teanga atá i ngnáthúsáid

Go minic úsáideann an Rialtas agus comhlachtaí Gaeilge 'oifigiúil' atá an-chasta in eolas scríofa don phobal.

Is minic gur deacair í sin a thuiscint.

Úsáid gnáthfhocail agus teanga nádúrtha Gaeilge an oiread agus is féidir.

In ionad	Úsáid
intreoir	réamhrá
imlíne (scéil)	cnámha (scéil)
seomra áise (utility room)	cúlchistin

Más gá sainfhocail nó focail nuachumtha Gaeilge a úsáid, mínigh iad.

Ar ndóigh, beidh uaireanta ann nuair a chaithfidh tú rogha a dhéanamh idir fhocal Gaeilge nach n-úsáidtear agus focal Béarla. Molaimid an focal Gaeilge a scríobh agus ansin an focal Béarla a bheith idir lúibíní ().

#### Samplaí:

crua-earraí (hardware)

seolán (extension lead)





**Nóta:** Tabhair faoi deara nach bhfuil ‘hardware’ nó ‘extension lead’ i gcló Iodálach.

Is mar gheall go bhfuil cló iodálach níos deacra a léamh ná gnáthchló é sin. Mínítear é sin níos mó i **Leagan amach agus dearadh téacs** ar leathanach 7.



## 5. Nuair a úsáideann tú giorrúcháin, tabhair an leagan iomlán den teideal nó den nath cainte

Scríobh amach go hiomlán giorrúcháin neamhchoitianta an chéad uair a úsáideann tú iad.

Is fearr an t-ainm iomlán a thabhairt agus an leagan gearr de ina dhiaidh i lúibíní.

Mura bhfuil an doiciméad rófhada, is féidir an t-ainm giorraithe a úsáid i dtagairtí níos déanaí. Má tá an doiciméad sách fada – abair, níos mó ná trí leathanach – b’fhearr duit an t-ainm iomlán a scríobh anois is arís. Meabhraíonn sé seo don léitheoir cad de a bhfuil tú ag tagairt.

Má tá go leor giorrúchán i do dhoiciméad, b’fhéidir go gcabhródh sé leat liosta giorrúchán a chur i gcló ar chúl do dhoiciméid.

### Samplaí:

C.L.G. = Cumann Lúthchleas Gael

A.E. = An tAontas Eorpach

B.I.M. = Bord Iascaigh Mhara

Is fearr nathanna agus noda Laidineacha agus Francacha a sheachaint.

Is fearr noda Gaeilge agus Béarla a sheachaint chomh maith.

In ionad	Úsáid
m.sh. or e.g.	mar shampla
i.e. or i.	is é sin
7 rl or etc.	agus araile



## 6. Bí leanúnach le húsáid focal!

Bí leanúnach le húsáid focal i do chuid scríbhneoireachta. Mar shampla, má úsáideann tú an focal ‘doiciméad’, bain úsáid as an téarma sin go leanúnach. D’fhéadfadh sé mearbhall a chur ar an léitheoir má úsáideann tú an focal ‘cáipéis’ chomh maith.



## 7. Úsáid foclaíocht atá dearfach seachas diúltach

Úsáid foclaíocht atá dearfach seachas diúltach nuair is féidir, go speisialta ag tabhairt treoracha. Ní hamháin go bhfuil briathra dearfacha níos soiléire, ach níl siad chomh bagrach don léitheoir.

In ionad	Úsáid
Muna gcláraíonn tú go luath, b’fhéidir nach bhfaighfeá áit.	Cláraigh go luath le háit a dheimhniú.

## 8. Seachain abairtí fada le hiomarca clásal

Coimeád gairid agus soiléir do chuid abairtí. Tá formhór na saineolaithe ar aon aigne nár cheart dul thar 15-20 focal in abairt. Feicfidh tú gur féidir an chuid is mó d’abairtí fada a bhriseadh suas i slí éigin.

In ionad	Úsáid
D’admhaigh an réalt as Coronation Street, Johnny Briggs, gur chaith sé bonn san aer le go bhfeicfeadh sé an gcoinneodh sé air sa sobalchlár, nó an bhfágfadh sé.	Tá Johnny Briggs le Coronation Street a fhágáil. Chaith sé bonn san aer le go bhfeicfeadh sé an gcoinneodh sé air sa sobalchlár, nó an bhfágfadh sé.
Cuireadh deireadh leis an gcás cúirte le gairid, áit ar thug beirt staraí Dan Brown – an té a scríobh <b>The Da Vinci Code</b> – chun cúirte. Tá curtha i leith Dan Brown gur sciob sé ábhar as saothar dhaoine eile agus go ndearna sé a chuid féin den ábhar sin i <b>The Da Vinci Code</b> .	Tá deireadh leis an gcás cúirte in éadan Dan Brown. Is é Dan Brown a scríobh <b>The Da Vinci Code</b> . Beirt staraí a thug Brown chun cúirte. Chuir siad i leith Brown gur sciob sé ábhar as saothar leo féin. Chuir siad i leith Brown go ndearna sé a chuid féin den ábhar i <b>The Da Vinci Code</b> .



## Leagan Amach agus Dearadh Téacs

An ndéanann tú dearadh tú féin ar do chuid ábhair, nó an ndéanann dearthóir proifisiúnta dearadh air? Pé rud a dhéanann tú, cabhróidh na treoracha seo a leanas leat ábhar léitheoireachta soiléir a dhéanamh don méid a scríobhann tú. Beidh feabhas ar chrot agus ar tharraingteacht do chuid ábhair dá thoradh chomh maith.

### 1. Roghnaigh cló-aghaidh atá éasca le léamh

Tá dhá shaghas cló éagsúil ann - **serif** agus **sans serif**. Tá eireabail bheaga ar dheireadh na litreacha serif. Níl eireabail bheaga ar dheireadh na litreacha i sans serif. (Focal Fraincise atá i 'sans', a chiallaíonn 'gan').

**Scríobh** – serif

**Scríobh** – sans serif

#### Roghnaigh cló serif don phríomhthéacs.

Déanann na 'heireabail bheaga' obair níos fusa as an dtéacs a léamh.

Treoraíonn siad do shúil ó litir go litir.

Samplaí de serif is ea:

Times New Roman,  
Bookman Old Style,  
Garamond  
and Chaparral Pro.

#### Is féidir cló sans serif a usáid le haghaidh teideal.

Treoraíonn sé do shúil síos i dtreo an téacs.

Samplaí de sans serif is ea:

Arial,  
Century Gothic,  
Tahoma,  
and Comic Sans.



Seachain cló-aghaidheanna ornáideacha agus cinn a dhéanann aithris ar lámhscríbhneoireacht. Is féidir leo seo bheith deacair a léamh. Cloígh le cló-aghaidh nó dhó in aon doiciméad.

**Nóta:** Bíonn sé deacair ar léitheoir le disléicse uaireanta cló serif a léamh. Bíonn sé mar a bheadh na focail ag ‘léim’ ar an leathanach mar gheall ar na heireabaill. B’fhéidir go mbeadh ort mar sin do dhoiciméad a chur i gcló sans serif ar fad.



## 2. Déan cinnte go bhfuil an téacs sách mór don ghnáthléitheoir

Tá cló 12 pointe (pt) an-oiriúnach. Is é is coitianta a úsáidtear.

Ach is fusa do dhaoine le deacrachtaí léitheoireachta nó le deacrachtaí radhairc, méid cló níos mó a léamh. Más mian leat do chuid doiciméad a bheith níos soléite, molaimid 14 pt sa téacs.

I gcás cinnteidil, úsáid méid cló atá dhá phointe níos mó ná an téacs. Mar sin, má tá do phríomhthéacs 14 pt, déan cinnte go bhfuil na cinnteidil ar a laghad 16 pt, ionas go seasfaidh siad amach.

## 3. Úsáid cló trom chun béim a chur ar théacs

Má bhíonn tú ag iarraidh go seasfaidh roinnt focal amach, fág beag iad agus cuir **i gcló trom** iad. Nuair a léimid, piocann ár gcuid súile amach crot an fhocail in áit gach aon litir. Tá sé níos fusa an crot a aithint nuair a scríobhtar an focal i litreacha beaga, gan aon chló iodálach nó línte faoi.

Tá sé léirithe go ndéanann formáidiú, mar cló iodálach, línte faoi fhocail, agus go leor bloc litreacha, an téacs níos deacra le léamh.



Cuireann siad crot an fhocail as a riocht.  
 Mar sin caitheann an tsúil oibriú níos cruai  
 chun an focal a aithint.  
 Go deimhin, léann daoine téacs atá i mbloclitreacha ar fad  
 5-10% níos moille  
 ná dá mbeidís ag léamh téacs le litreacha beaga.

In ionad	Úsáid
TÁ TRÍ MHÍ AGAT IARRATAS A DHÉANAMH AR AN ÍOCAÍOCHT	Tá <b>trí mhí</b> agat iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht seo.
Má tá gearán agat, <u>ba chóir duit ar dtús</u> dul i dteagmháil leis an ionadaí custaiméirí a láimhseáil do chéad iarratas.	Má tá gearán agat, <b>ba chóir duit ar dtús</b> dul i dteagmháil leis an ionadaí custaiméirí a láimhseáil do chéad iarratas.
<i>Ní bhreithneoidimid aon iarratas a sheolfar isteach tar éis an dáta deiridh.</i>	<b>Ní bhreithneoidimid aon iarratas a sheolfar isteach tar éis an dáta deiridh.</b>

#### 4. Fág dóthain spáis le haghaidh imeall

Ní mór imill leathana a bheith á n-úsáid.  
 Cruthaíonn sé seo éagsúlacht ar an leathanach  
 agus bíonn sé níos fusa é a léamh dá thoradh.

Mar shampla, má bhíonn tú ag cur doiciméad A4 le chéile,  
 molaimid imill de ar a laghad 1 orlach,  
 ar thaobh na lámhe deise agus ar thaobh na lámhe clé.

#### 5. Úsáid neart spáis idir línte

Úsáid neart spáis idir líne amháin agus an chéad líne eile.  
 Go hiondúil, cuir thart ar 20% nó dhá phointe (pt) le pointe do théacs.  
 Mar sin, má bhíonn do théacs socraithe ag 12 pt,  
 socraigh an spás idir na línte ag 2 pt.

Má úsáideann tú níos lú ná sin,  
 beidh an téacs plódaithe.  
 Má úsáideann tú níos mó, beidh ar an léitheoir  
 léim níos faide chun bogadh ó líne amháin  
 go dtí an chéad cheann eile.



## 6. Ná húsáid fleiscíní ag deireadh línte

Bíonn sé níos éasca ag daoine focal a léamh nuair a bhíonn na litreacha ar fad le chéile.

Má chuireann tú fleiscín ar fhocal, caithfidh an tsúil tosú ag deireadh líne amháin agus ansin léim go dtí tús an chéad líne eile chun an focal iomlán a fháil. Bíonn fadhb mhór ag daoine le deacrachtaí litearthachta leis sin. In áit fleiscíní a úsáid, cuir deireadh leis an líne go luath, agus tosaigh an chéad líne eile le focal iomlán.

## 7. Ná húsáid lúibíní () ach go hannamh

De ghnáth úsáidtear lúibíní i gcás eolas nach bhfuil riachtanach in abairt. Mar gheall air sin, ba chóir duit féachaint ar an eolas a chur in abairt nua – nó é a fhágáil ar lár ar fad.

## 8. Bíodh do chuid alt éasca le leanacht

Tá ailt áiseach chun eolas a bhriseadh suas, ach ní oibríonn siad mura mbíonn siad briste suas san áit cheart. Déan cinnte go bhfuil tuairim lárnach amháin i ngach alt agus go dtosaíonn sé le habairt - ar a nglaoítear abairt topaice. Tugann an abairt topaice achoimre ar cad atá san alt.

### Seo roinnt leidí maidir le hait:

- Ná déan eangú ar ailt ag an tús. Fág taobh leis an imeall iad.
- Fág spás aon líne idir deireadh ailt amháin agus tús an chéad cheann eile.
- Ná lig d'alt dul ó leathanach go leathanach.

### Daoine gan dídeán i mbun agóide

Bhí dream daoine nach bhfuil aon dídean acu ag agóidíocht i mBleá Cliath le gairid.

Bhí siad ag agóidíocht mar gheall ar an méid daoine a chailltear ar na sráideanna.

Thug siad le fios nach bhfuil a fhios cé mhéad a cailleadh ar na sráideanna an geimhreadh seo caite.



## 9. Bí leanúnach le do leagan amach

- Déan cinnte go bhfuil gach ceannteideal agus uimhreacha leathanaigh san áit chéanna ar fud an doiciméid.

Ba chóir ailíniú a dhéanamh ar na cinnteidil ar chlé agus uimhreacha leathanaigh a chur ag tóin an leathanaigh, sa lár nó sna coirnéil taobh amuigh. Tá tábhacht le leanúnachas.

## 10. Úsáid codarsnacht go cúramach, chun go seasfaidh do théacs amach

Ba chóir go mbeadh codarsnacht shoiléir idir an cúlra agus an téacs. Dá láidre a bhíonn an chodarsnacht, is ea is fusa a bheidh sé an téacs a léamh.

Téacs dubh ar chúlra bán is ea is fearr, mar shampla téacs dubhghorm ar pháipéar eabhair.

Bíonn téacs dubh ar chúlra bán éifeachtúil freisin, ach bíonn sé deacair ar léitheoir le disléicse uaireanta déileáil leis an lonradh ó pháipéar bán.

In ionad	Úsáid
Ba chóir go mbeadh codarsnacht shoiléir idir an cúlra agus an téacs.	<b>Ba chóir go mbeadh codarsnacht shoiléir idir an cúlra agus an téacs.</b>



## 11. Fad Línte

Tuirsíonn línte atá rófhada agus línte atá róghairid na súile. Molaimid iad seo a leanas chun cuidiú le léitheoirí do theachtaireacht a leanacht gan aon trioblóid.

- Bris abairtí fada suas i línte gearra.

### **Bí cúramach le cártaí creidmheasa!**

D'iarr Gardaí Dhún na nGall ar dhaoine bheith iontach cúramach fá eolas a thabhairt fána gcuid cártaí creidmheasa.

- Cuir isteach briseadh-líne i ndiaidh gach clásail, má tá níos mó ná clásál amháin san abairt.

### **In ionad**

#### **Comhairle Contae Chiarraí – Ceannach Talamh**

Tá an Comhairleoir Séamus Chosaí Mac Gearailt, Fine Gael, ag iarraidh go gceannódh Comhairle Contae Chiarraí talamh sa chontae.

Tagann talamh ar an margadh anois is aríst sa chontae.

Ba mhaith leis an Comhairleoir go gceannódh an Chomhairle Chontae an talamh seo.

Is minic, áfach, go mbíonn an talamh ceannaithe ana-thapaidh ag lucht gnó agus tithíochta.

### **Úsáid**

#### **Comhairle Contae Chiarraí – Ceannach Talamh**

Tá an Comhairleoir Séamus Chosaí Mac Gearailt, Fine Gael, ag iarraidh go gceannódh Comhairle Contae Chiarraí talamh sa chontae.

Tagann talamh ar an margadh anois is aríst sa chontae.

Ba mhaith leis an Comhairleoir go gceannódh an Chomhairle Chontae an talamh seo.

Is minic, áfach, go mbíonn an talamh ceannaithe ana-thapaidh ag lucht gnó agus tithíochta.





- Ná bris ‘aonad teanga’ idir línte.  
Más maith leat aonaid mar ‘fear an phoist’, ‘ar feadh an lae’, agus ‘bean mhaith’ a úsáid, agus go dtosaíonn siad gar do dheireadh líne, tosaigh an t-aonad teanga ar an gcéad líne eile.

### In ionad

#### Barraíocht oibre ag Gardaí Thír Chonaill

Deir an Comhaontas Glas **i dTír**

**Chonaill** go bhfuil barraíocht oibre ag Gardaí an chontae.

Deir siad nach bhfuil an méadú **ar líon na nGardaí** ag teacht leis an mhéadú sa daonra.

### Úsáid

#### Barraíocht oibre ag Gardaí Thír Chonaill

Deir an Comhaontas Glas **i dTír Chonaill**

go bhfuil barraíocht oibre ag Gardaí an chontae.

Deir siad nach bhfuil an méadú **ar líon na nGardaí** ag teacht leis an mhéadú sa daonra.

- Tá sé tábhachtach nach bhfágann briseadh-líne focal ina aonar ag tús líne.  
Glaoitear **dílleachtaí** ar fhocail a bhíonn ina n-aonair ag tús líne, agus ba chóir iad a sheachaint.

### In ionad

#### An Ghaelainn sa Rinn

Bhailigh nach mór caoga duine le chéile i Halla Pobail na Rinne le **déanaí**.

Bhailigh siad le chéile chun cúrsaí Gaelainne i nGaeltacht na Rinne a **phlé**.

Táthar ag rá go bhfuil an Ghaelainn fé bhagairt sa Ghaeltacht bheag **so**.

### Úsáid

#### An Ghaelainn sa Rinn

Bhailigh nach mór caoga duine le chéile i Halla Pobail na Rinne **le déanaí**.

Bhailigh siad le chéile chun cúrsaí Gaelainne sa Rinne **a phlé**.

Táthar ag rá go bhfuil an Ghaelainn fé bhagairt **sa Ghaeltacht bheag so**.



## 12. Ná déan comhfhadú ar an téacs



Déan ailíniú ar an téacs ar chlé; ná déan comhfhadú.  
Beidh a fhios agat go mbeidh do théacs ailínithe ar chlé nuair a bheidh imeall briste ar thaobh na láimhe deise.

Gheobhaidh tú réidh freisin le bearnaí móra idir focail, agus bíonn sé níos éasca an téacs a léamh dá thoradh sin.

In ionad	Úsáid
<p><b>€4m buaite sa Lotto - nár dheas é!</b></p> <p>Bhuaigh lánúin as Corcaigh an Lotto tamall ó shin.</p> <p>€4 mhilliún a bhuardar – an pota óir ba mhó go dtí seo i mbliana.</p> <p>Ticéad ‘quickpick’ €6 a cheannaíodar.</p> <p>Cheannaíodar an ticéad i siopa Katie i Mala, i gCorcaigh.</p>	<p><b>€4m buaite sa Lotto - nár dheas é!</b></p> <p>Bhuaigh lánúin as Corcaigh an Lotto tamall ó shin.</p> <p>€4 mhilliún a bhuardar – an pota óir ba mhó go dtí seo i mbliana.</p> <p>Ticéad ‘quickpick’ €6 a cheannaíodar.</p> <p>Cheannaíodar an ticéad i siopa Katie i Mala, i gCorcaigh.</p>

## 13. Ná cuir téacs mórthimpeall ar íomhá ná os a chionn

Déan iarracht chomh mór agus is féidir leat, gan an téacs a ailíniú mórthimpeall ar imeall íomhá de bhrí go mbeidh línte téacs ag tosú in áiteanna difriúla. Bíonn sé deacair ansin an téacs a léamh.

In ionad	Úsáid
<p><b>Brú ar Dhéagóirí</b></p> <p>Táthar ag rá anois go bhfuil barraíocht brú á chur ar dhéagóirí an lae inniu na de.  ó thaobh scolaíochta de.</p> <p>Tá brú orthu chomh maith i measc a gcomhleacaithe féin maidir le hól agus drugaí. Ní nach ionadh go bhfuil an oiread acu ag cur lámh ina mbás féin.</p>	<p><b>Brú ar Dhéagóirí</b></p> <p>Táthar ag rá anois go bhfuil barraíocht brú á chur ar dhéagóirí an lae inniu ó thaobh na scolaíochta de. </p> <p>Tá brú orthu chomh maith i measc a gcomhleacaithe féin maidir le hól agus drugaí.</p> <p>Ní nach ionadh go bhfuil an oiread acu ag cur lámh ina mbás féin.</p>



- Ná cuir téacs anuas ar phátrúin, grianghraif ná íomhánna go deo, de bhrí go mbeidh na focail níos deacra a léamh mar gheall ar an gcúlra.

Más gá é seo a dhéanamh riamh, déan cinnte go mbíonn an cúlra i gcló an-éadrom. Féach thíos.



15%



45%

## 14. Ná húsáid colúin ach go hannamh

Seachain colúin an oiread agus is féidir.

Más gá iad a úsáid, féach chuige go bhfuil spás maith eatarthu, de bhrí go dtuirseoidh fad na líne gearr an léitheoir.

Scar colúin go soiléir le himeall.

Má tá spás gann, cuir líne idir na colúin.

In ionad	Úsáid
<p><b>Gwyneth Paltrow agus ‘Apple’ bheag</b></p> <p>Tá Gwyneth Paltrow sa nuacht arís an mhí seo.</p> <p>Cúpla mí siar rugadh leanbh bheag di ach ní raibh sí sa nuacht mar gheall air sin.</p> <p>Bhí sí sa nuacht mar gheall gur ghlaoigh sí ‘Apple’ ar an gcailín beag bocht.</p>	<p><b>Gwyneth Paltrow agus ‘Apple’ bheag</b></p> <p>Tá Gwyneth Paltrow sa nuacht arís an mhí seo.</p> <p>Cúpla mí siar rugadh leanbh bheag di ach ní raibh sí sa nuacht mar gheall air sin.</p> <p>Bhí sí sa nuacht mar gheall gur ghlaoigh sí ‘Apple’ ar an gcailín beag bocht.</p> <p>Tá sí sa nuacht arís ar an aimsir seo.</p> <p>Tá an teach a bhí aici i Nua Eabhrac le díol.</p> <p>Ach níl cead ag éinne an teach a fheiceáil go dtí go síneoidh siad conradh.</p>



## 15. Smaoinigh an cló a mhalartú le haghaidh codarsnacht breise

Tá malartú cló áiseach i gcás teidil, cinnteidil, uimhreacha leathanaigh agus seoltaí.

Nuair a mhalartaíonn tú cló, cuireann tú téacs éadrom ar chúlra dorcha.

Arís, dá láidre an chodarsnacht idir an téacs agus an cúlra is ea is fusa a bheith sé le léamh.

(Féach uimhir a 10).

Ionas go mbeidh an cló malartaithe éifeachtúil, méadaigh méid an chló, cuir **i gcló trom** é agus úsáid téacs comhlántach agus dathanna sa chúlra.

In ionad	Úsáid
10	10

Déan cinnte go dtéann na dathanna le chéile go maith agus iad ag cur dóthain codarsnachta ar fáil freisin. Beidh an téacs malartaithe níos éifeachtúla sa dara bosca thíos.

In ionad	Úsáid
Ag dul abhaile	Ag dul abhaile

## 16. Fág neart spáis geal

Ná líon suas leathanach díreach ionas go mbeidh sé spésiúil.

Caithfidh briseadh a bheith ag an tsúil

ó bheith ag féachaint ar an téacs agus ar íomhánna.

Mar sin, lean na treoirlínte do spás idir na línte, ailt agus imill, ionas nach mbeidh do chuid leathanach róphlódaithe.



## 17. Ealaín

Úsáid ealaín lándaite nó dubh-líneach seachas scáth-líníocht.  
Tá siad seo níos mealltaí agus níos soiléire.

**Nóta:** Seans nach mbeidh tú i gcónaí in ann é seo a dhéanamh,  
ag brath ar do bhuiséad.



Déan cinnte go mbeidh na híomhánna a chuirfidh tú leis an téacs  
ag teacht leis an téacs,  
agus nach díreach le haghaidh maisithe amháin atá siad ann.

## 18. Roghnaigh páipéar a mbíonn sé éasca léitheoireacht a bhaint as

Úsáid páipéar sách trom, ar a laghad 90gsm –  
chomh tiubh le gnáthpháipéar fótachóipeála –  
ar eagla an tré-radhairc.

Seachain páipéar snasta.  
Caitheann páipéar snasta solas ar ais,  
rud a bhíonn míchompordach ar an léitheoir.





## **Eolas tábhachtach** a chur i láthair go soiléir

### **1. Bain úsáid go flúirseach as comharthaíocht**

#### **Bain úsáid go flúirseach as comharthaíocht chun cuidiú leis an léitheoir an t-eolas is tábhachtaí a aimsiú.**

- Cuidigh le do léitheoir an t-eolas atá siad a lorg a aimsiú tríd é a bhriseadh suas faoi chinnteidil difriúla.
- Bain úsáid as clár i ndoiciméid fhada.
- Má tá rud éigin casta nó le go leor sonraí mínithe agat, bain úsáid as paragraif nó boscaí achoimrithe chun na pointí is tábhachtaí a léiriú.
- Má tá tú ag tabhairt treoracha nó ag ainmniú céimeanna i bpróiseas, úsáid liostaí le hurchair (bullet point lists). Tá siad an-mhaith le heolas a bhriseadh suas i mblúiríní beaga. Mar gheall go mbíonn líne as féin ag gach mír sa liosta, is féidir leo na príomhsmainte a léiriú níos fearr.




## 2. Úsáid táblaí, graif agus cairteanna

Má bhíonn go leor figiúirí nó staitisticí i gceist i bpíosa scríbhneoireachta, molaimid tábla a dhéanamh ag léiriú na bhfigiúirí.


Más ag soláthar torthaí taighde atá tú, cuir isteach céatadán chomh maith leis na bunfhiúirí. Tá sé níos fusa tábhacht rud éigin a thuiscint má bhíonn céatadán le feiceáil.

Chun eolas uimhreacha a bheith níos feiceálaí, b'fhéidir go bhféadfá é a chur i láthair i bpíchairt, i mbarrachairt nó i ngraf.

Tá siad sin ar fad áiseach le heolas a thabhairt go tapa, go háirithe nuair a bhíonn siad daite.



Caiteachas Rialtais



Freastal ar Chúrsa






### 3. Bain úsáid as Ceisteanna & Freagraí nuair atá sé áiseach

Is slí éifeachtúil iad ceisteanna agus freagraí le heolas a chur trasna, nó le béim a chur ar nithe ar leith. Cabhraíonn sé le léitheoirí dul díreach go dtí na codanna gur suim leo. Go minic, ní theastaíonn ó dhaoine an doiciméad iomlán a léamh.

Ionas go n-oibreoidh an tslí seo, caithfidh tú na ceisteanna a scríobh díreach mar a chuirfí iad. Caithfidh tú teanga ghníomhach agus phearsanta a úsáid.

Caithfidh tú freisin eolas den chineál céanna a choinneáil le chéile. Mura féidir leat é sin a dhéanamh faoi cheist amháin, ar a laghad déan é faoi cheisteanna atá gar dá chéile.

Ar deireadh, má tá tú ag úsáid ceisteanna & freagraí chun coincheap nó próiséas a mhíniú, cuir in ord ciallmhar iad ionas go mbeidh an t-eolas ag dul i méid de réir a chéile.



#### Bain úsáid go flúirseach as comharthaíocht

- Cinnteidil
- Cláir
- Paragraif nó boscaí achoimrithe
- Liostaí le hurchair
- Táblaí, graif agus cairteanna
- Ceisteanna agus Freagraí





## Do dhoiciméad a sheiceáil

### 1. Déan profáil ar pháipéar agus os ard

Ná bí ag brath ar phrofáil ar an scáileán.

Tógfaidh sé dhá oiread níos faide ort an téacs a léamh ar an scáileán is a thógfadh sé ort nuair a bhíonn sé priontáilte.

Aimseoidh tusa nó litreoir do ríomhaire formhór na mbotún ar an gcumadh seo, ach caillfidh tú cuid eile.

Mar sin, bíodh roinnt ama agat ag an deireadh le d'ábhar a phrofáil ar pháipéar (glaoitear cóip chrua air sin).

Léigh do dhoiciméad os ard duit féin le linn profála.  
Cabhróidh sé seo le fadálacht a aithint agus a cheartú.

Má bhíonn deacracht agat an méid atá scríofa agat a leanacht ag an bpointe seo, samhlaigh cé chomh deacair a bheidh ag do léitheoir é a léamh.



## **2. Iarr i gcónaí ar dhuine éigin eile profáil dheiridh a dhéanamh**

Fiú amháin agus an t-ábhar léite amach os ard agat le profáil, d'fhéadfadh cúpla rud a bheith fágtha i do dhiaidh agat.

Iarr i gcónaí ar dhuine éigin eile profáil dheiridh a dhéanamh – bímid dall ar ár mbotúin féin.

Tá sé sin amhlaidh sula ndéantar dearadh ar dhoiciméad agus sula ndéantar é a phriontáil ag an deireadh.

## **3. Scrúdaigh do dhoiciméad**

Iarr ar dhaoine a úsáidfidh do dhoiciméad é a léamh.

Beidh siad in ann léargas eile a thabhairt air.

Beidh cleachtadh agatsa agus ag do chomhghleacaithe ar stíl áirithe scríbhneoireachta.

Fiú amháin má cheapann tú go bhfuil rud éigin soiléir agat,

d'fhéadfadh duine eile teacht ar bhealach

chun an doiciméad a fheabhsú.

D'fhéadfadh sé seo am agus fuinneamh a shábháil ort níos déanaí!



## Aguisín 1:

### Litriú agus gramadach sna Canúintí

#### Ag scríobh sa chanúint?

Tá litriú faoi leith leagtha síos d'fhormhór na bhfocal canúnach i bhFoclóir Uí Dhónaill.

Má tá tú ag iarraidh scríobh sa chanúint áitiúil, molaimid duit an foclóir a sheiceáil go minic.

Is féidir leaganacha canúnacha d'fhocail a fháil ar dhá shlí i bhFoclóir Uí Dhónaill.

1. Tugtar an leagan canúnach, an comhartha '=', agus ansin an leagan caighdeánach.

**Litriú Canúnach** → **teangmháil = TEAGMHÁIL** ← **Litriú Caighdeánach**

**Nóta:** Ní thugtar míniú ar an bhfocal.

Má theastaíonn sé seo, caithfidh tu é a lorg faoin leagan caighdeánach den bhfocal.



2. Féachann tú ar shainmhíniú an fhocail.

Bíonn leaganacha canúnacha le fáil idir lúibíní ag deireadh an pháosa a dhéanann cur síos ar an bhfocal. Seasann 'Var.' idir na lúibíní do 'variant'.

**Litriú Caighdeánach**



**fuaraiqeantacht, f. (gs. ~a). Coolness, imperturbability. (Var: fuaraigne f)**

**Litriú Canúnach**



**Nóta:** Tá roinnt samplaí d'fhocail chanúnacha atá le fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill ar an gcéad leathanach eile.

Tá roinnt samplaí de leaganacha gramadaí a úsáidtear sna canúintí ar an leathanach dar gcionn.



## Samplaí de leaganacha canúnacha d'fhocail i bhFoclóir Uí Dhónaill

**U – Uladh; C = Connacht; M = Mumhan**

Leagan Caighdeánach	Leagan Canúnach	Canúint/í
amárach	amáireach	U / C
anseo	anso	M
ansiúd	ansúd	M
arís	aríst	M / U
balla	falla	M
béicíl	béiceach	C
cistin	cistineach	C
cloisim	cluimim	U
(i g)coinne	i gcoinnibh	M
d'fhill	phill	U
d'oibrigh	d'oibir	U
dom	domh	U
dom, duit, dó, dúinn, dóibh	dhom, dhuit, dhó, dhúinn	M / C
éigin	éicint	C
éigin	inteacht	U
fágfaidh	fuígfídh	U
faoi / faoin	fé & féigh / fén	M
faoi / faoin	fá / fán	U
feirmeoir	feilméara	C
furasta	fuirist / furast	M / U
gach aon	achan	U
gach uile	chuile	C
inniu	inniubh	M
insint	inse	U
leanúint	leanacht	C
nuacht	nuaíocht	U / C
oscail/te	foscail/te	U
rás	rása	C
roimh/e	roimis	M
smaoinigh	smaointigh	U
tagann	tig / thig	U
tar éis	théis	C
teach	tig	M
thosaigh	thoisigh	U
tosú	tosnú	M
tosú	toiseacht	U
tuiscint	tuigbheáil	U



## Leaganacha malartacha gramadaí sna canúintí éagsúla

U – Uladh; C = Connacht; M = Mumhan

Leagan Caighdeánach	Leagan Canúnach	Canúint/í
a dhéanann a fhaigheann a thuigeann	a dhéanann <b>s</b> a fhaigheann <b>s</b> a thuigeann <b>s</b>	C
a thuigfidh a thiocfaidh a dhéanfaidh	a thuigfe <b>as</b> a thiocf <b>as</b> a dhéanf <b>as</b>	U / C
ag an bhfear céanna don bhricfeasta breá ina ghasúr maith	ag an <b>f</b> hear <b>ch</b> éanna don bhricfeasta <b>bh</b> reá ina ghasúr <b>m</b> haith	U
an-mhaith an-díobháil	ana-mhaith ana-d <b>h</b> íobháil	M
de na do na	des na dos na	M
den fhírinne den bheirt	den <b>bh</b> fírinne den <b>m</b> beirt	M
féin	<b>fh</b> éin	U / C / M
i ngach	ins gach (tig)	M
le <b>h</b> iad le <b>h</b> aghaidh	len iad le <b>n</b> -aghaidh	C
nach <b>bh</b> faighfeá nach <b>bh</b> fuil	ná faighfeá ná fuil	M
ní dhearna	ní rinne	C
ní dúirt	ní <b>or</b> <b>dh</b> úirt	U / C
sa <b>ch</b> athaoir sa m <b>h</b> onarcha san <b>fh</b> uinneog	sa <b>g</b> cathaoir sa <b>m</b> onarcha sa <b>bh</b> fuinneog	C
sa seomra sa samhradh ag an saol ag an sagart	sa <b>t</b> seomra sa <b>t</b> samhradh ag an <b>t</b> saol ag an <b>t</b> sagart	U

Bunaithe ar **Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge; An Caighdeán Oifigiúil (2001)**, agus ar chleachtas coitianta i measc fhoilsitheoirí na Gaeilge le prós agus le filíocht chanúnach.



## Aguisín 2: Seicliosta Scríbhneoireachta agus Deartha

Cabhróidh an liosta seo leat athbhreithniú a dhéanamh ar do dhoiciméad. Más féidir leat freagra dearfach a thabhairt ar fhormhór na gceisteanna, bí muiníneach go bhfuil doiciméad dea-scríofa agat atá deartha go maith.

Teanga	✓
Ar úsáid tú briathra gníomhacha agus abairtí díreacha an méid a b'fhéidir?	
Ar úsáid tú téarmaí pearsanta ar nós 'tú', 'mé' agus 'ár'?	
Ar bhain tú úsáid as gnáthfhocail agus as focail nádúrtha Gaeilge?	
Más rud é gur scríobh tú go canúnach, ar dheimhnigh tú an litriú i bhfoclóir Uí Dhónaill?	
Ar úsáid tú téarmaí i slí leanúnach?	
Ar thug tú sainmhíniúcháin ar ghiorrúcháin?	
Ar úsáid tú orduithe ag amanta cuí, seachas treoir rófhadálach?	
Ar úsáid tú foclaíocht atá dearfach seachas diúltach nuair a b'fhéidir?	
Ar sheachain tú chomh mór agus a b'fhéidir abairtí rófhada le hiomarca clásál?	

Dearadh agus Leagan Amach	✓
Ar úsáid tú cló soiléir don léitheoir?	
Ar úsáid tú méid cló de 12 pointe ar a laghad?	
Ar sheachain tú línte faoi théacs, cló iodálach agus bloclitreacha?	
Ar úsáid tú cló trom le haghaidh cinnteidil amháin agus chun béim a chur ar fhocail?	
An bhfuil an briseadh línte á dhéanamh go tomhasta agat (gan é bheith rófhada ná róghearr)?	
An bhfuil briseadh líne tar éis gach clásáil gur féidir?	
Ar sheachain tú focail aonair ag tús línte, agus aonaid teanga a bhriseadh?	
Ar sheachain tú fleiscíní ag deireadh línte agus lúibíní?	





## Dearadh agus leagan amach ar lean



An bhfuil an spás idir na línte 1.5-2 ar a laghad?

An bhfuil na himill mór a ndóthain?

An bhfuil comhfhadú déanta ar na himill agus ar chinnteidil ar chlé?

Ar sheachain tú téacs a chur timpeall ar phictiúirí agus léaráidí?

An bhfuil uimhreacha leathanaigh san áit chéanna ar fud an doiciméid?

Ar fhág tú spásanna idir do chuid alt agus ar fhág tú neart spáis geal ann?

Ar chinntigh tú nár imigh aon ailt ó leathanach go leathanach?

An bhfuil do chuid línte cuíosach fada?

San áit gur úsáid tú colúin, ar scar tú iad le himeall leathan nó le líne?

Ar úsáid tú codarsnacht go héifeachtúil?

An bhfuil an ealaín ag teacht leis an ábhar i do dhoiciméad?

Ar úsáid tú an páipéar cuí - gan bheith rólonrach agus gan bheith tré-radhairciúil?

Ar úsáid tú ealaín lán-daite nó dubh-líneach seachas scáth-líníocht?

## Ag cur eolas tábhachtach i láthair go soiléir



Ar úsáid tú comharthaíocht (ábhar, boscaí achoimre, liostaí le hurchair, cinnteidil eolasacha) le cuidiú le do léitheoir teacht ar eolas tábhachtach?

An ndearna tú léiriú ar fhigiúirí agus ar staitisticí le tábla nó le graf?

Ar úsáid tú Ceisteanna & Freagraí nuair a bhí sé oiriúnach agus na ceisteanna a scríobh díreach mar a chuirfí iad?

## Do dhoiciméad a Sheiceáil



An ndearna tú profáil ar do dhoiciméad ar chóip chrua chomh maith leis an scáileán?

Ar léigh tú siar thar do dhoiciméad os ard?

Ar iarr tú ar dhuine éigin eile an phrofáil dheiridh a dhéanamh?

Ar iarr tú ar dhuine éigin ón spriocghrúpa an doiciméad a léamh?

© Breacadh 2006





# Get Your Message Across!



Use Plain Language and Clear Design



## Breacadh

An Adult Education Resource through Irish for the Gaeltacht



**Compiled by:**

Nóirín Ní Ghrádaigh Rafferty

**First published in Ireland by:**

Breacadh

Casla

Co. na Gaillimhe.

©Breacadh 2006

ISBN 1-904789-22-6

**Printing:**

Colourbooks Ltd.

**Acknowledgements:**

Many thanks to Clodagh Mc Carthy, Plain English Co-ordinator, NALA, for her suggestions and amendments to the English language version of this publication.

We are also most grateful to Caitlín Seoighe for her assistance with proofing.

The Breacadh project is funded by the Department of Education and Science. It is directed by a Steering Committee comprised of educationalists from the VECs and Partnership Companies in the Gaeltacht regions.

All rights reserved. No part of this publication may be reproduced, stored in a retrieval system or transmitted in any form or by any means, electronic, mechanical, photocopying, recording or otherwise, without the prior written permission of the copyright owner.





# Contents

Introduction: <b>Get Your Message Across!</b> . . . . .	1
Writing Tips . . . . .	3
Text Layout and Design. . . . .	7
Presenting Important Information Clearly . . . . .	17
Checking Your Document . . . . .	19
Appendix 1: <b>Dialectal Spelling and Grammar</b> . . . . .	21
